Preasráiteas: 12 Deireadh Fómhair, 2021

Teagmháil:
An Dr Brian Ó Conchubhair: Brian.OConchubhair.1@nd.edu
Micheál Ó Conghaile: moccic22@outlook.com

CIORCAL LÉITHEOIREACHTA IDIRNÁISIÚNTA 'GEARRSCÉALTA ÁR LINNE'

Scríbhneoirí Na nGearrscéalta Mar Aíonna Speisialta

Tá Cló Iar-Chonnacht ag cur tús le ciorcal léitheoireachta nuabhunaithe ar an ***Máirt, an 19 Deireadh Fómhair 2021*** bunaithe ar an leabhar *Gearrscéalta Ár Linne.* Is é an tOllamh Brian Ó Conchubhair a bheidh mar stiúrthóir ar na seisiúin.

Is gearrscéal as an leabhar *Gearrscéalta Ár Linne* a bheidh á phlé ag gach seisiún agus beidh údar an ghearrscéil áirithe sin i láthair ar zúm chun labhairt faoina scéal agus ceisteanna léitheoirí a fhreagairt. Beidh údar difriúil linn gach seachtain. Is iad na h-aoiscríbhneoirí a bheidh ag glacadh páirte sa tsraith ná Alan Titley, Pádraic Breathnach, Micheál Ó Conghaile, Biddy Jenkinson, Pádraig Ó Cíobháin agus Pádraig Ó Siadhail.

Tá an ciorcal léitheoireachta á reáchtáil le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon. Leanfar den tsraith gach Máirt ar feadh sé seachtaine ag tosú gach oíche ag 7.00in (am na hÉireann). Seisiún neamhfhoirmiúil atá i gceist a mhúsclóidh spéis sna gearrscéalta agus a spreagfaidh daoine lena thuilleadh a léamh. Mairfidh gach seisiún tuairim is uair an chloig. Déanfar taifeadadh ar an seisiún

Moltar don lucht freastail an gearrscéal atá faoi chaibidil a bheith léite roimh gach seisiún.

https://notredame.zoom.us/j/91413956954

19 Deireadh Fómhair: **Alan Titley**, "Scéal faoi Dhá Chaithir," 347-367.

26 Deireadh Fómhair: **Pádraic Breathnach**, "Na Déithe Luachmhara Deiridh," 34-41.

2 Samhain: **Micheál Ó Conghaile**, "Reilig na bhFocla," 241-254.

9 Samhain: **Biddy Jenkinson**, "Consortium Mulierum," 53-61.

16 Samhain: **Pádraig Ó Cíobháin**, "An tAthair, an Mac agus an Seanbhuachaill," 141-155.

23 Samhain: **Pádraig Ó Siadhail**, "Meisce Breallántachta," 299-309.